An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN IN EARNÁIL NA gCOLÁISTÍ GAEILGE

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Meán Fómhair 2019

Clár

Réamhrá 4

Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003 5

1. Cad go díreach atá beartaithe a dhéanamh anois? 5
2. Cén fáth anois seachas roimhe seo? 6
3. Cad í an difríocht idir an Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin atá beartaithe agus Teastas Dóiteáin? 7
4. Cén gaol a bheidh aige seo leis na coinníollacha reatha ábhartha atá i bhfeidhm mar a leagtar amach iad sna Rialacháin faoina dTugtar Aitheantas do Cholláistí Gaeilge maidir le spás? 7
5. Má bhí na hionaid atá i gceist sách maith chun críche aitheantais roimhe seo, cén fáth a bhfuil gá leis an Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin atá beartaithe, gan trácht ar obair fhéideartha bhreise agus ar an anró? 7
6. Cad a chiallaíonn sé seo go díreach do lucht stiúrtha na gcoláistí? 8
7. Cad a bheidh á lorg sa Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin? 8
8. Cá bhfuil fáil ar shonraí dóibh siúd a bheadh cáilithe chun Dearbhú a chur ar fáil don choláiste/Roinn? 9
9. Cad iad na cáilíochtaí nach foláir a bheith ag an nGairmí? 9
10. Cén bhaint a bheidh ag lucht stiúrtha na n-ionad pobail leis an ábhar? 9
11. Cad faoi má bhíonn deacracht ag Coláiste na bunriachtanais atá á lorg sa Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin seo a chomhlíonadh? 10
12. An mbeidh cúnamh ar fáil chun na costais a bhainfidh leis an Dearbhú Sábháilteachta a sholáthar a sheasamh? 10
13. Cén saolré a bheidh ag an Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin? 10
14. Cén fhad a thabharfar do cholláistí chun oibreacha athchóirithe a dhéanamh i gcás go bhfuil gá lena leithéid? 10
15. Cén leibhéal cúnaimh a bheidh ar fáil ón Roinn i gcás go bhfuil gá le hoibreacha athchóirithe? 10
16. Cé a bheadh ceaptha iarratas a dhéanamh ar an gcúnamh sin, lucht stiúrtha an choláiste nó coiste stiúrtha/iontaobhas an ionaid pobail? 11
17. Cén bhaint a bheidh ag cóiríocht scoileanna/iar-bhunscoileanna agus tríú-leibhéal leis seo uile? 11

18. Cén bhaint a bheidh ag na hÚdaráis Dóiteáin leis seo uile? 11

19. An bhféadfadh sé seo tionchar a imirt ar an uaslíon scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe do na coláistí Gaeilge faoi seach? 11

20. An mbeidh tionchar aige seo ar chúrsaí árachais agus cá bhfuil fáil ar thuilleadh eolais faoi chúnamh na Roinne? 11

21. Conas go mbeidh a fhios ag an bpobal go bhfuil céimeanna breise á nglacadh ag coláistí Gaeilge ar leas shábháilteacht lucht freastail na gcúrsaí? 11

22. Cad a tharlóidh anois? 12

AGUISÍN 1 – ALT 18 DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN 1981 13

AGUISÍN 2 - TREOIRLÍNTE CÓIRÍOCHTA SNA COLÁISTÍ 14

Réamhrá

Is ar lucht stiúrtha na gcoláistí Gaeilge féin atá an phríomhfhreagracht maidir le bainistiú ghnóthaí a gcoláistí féin faoi seach. Mar sin féin, tá ról lárnach ag an Roinn maidir le treoir a chur ar an earnáil trí chéile agus géilliúlacht don reachtaíocht ábhartha a chothú. Chuige seo tá critéir áirithe leagtha síos nár mhiste do choláistí a chomhlíonadh chun aitheantas a fháil ón Roinn mar sholáthróir faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.

Tacaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an Roinn le cur i bhfeidhm na Scéime trí sheirbhísí um dhearbhú cáilíochta a chur ar fáil mar a bhaineann le gnóthaí teagaisc agus foghlama na gcoláistí. Is í Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlacann an ról tacúil seo.

Is faoi réir na rialachán agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa cháipéis: ***Rialacháin faoina dtugtar aitheantas do choláistí Gaeilge – Eagrán 3 2019,*** a fheidhmíonn an dá Roinn. Is é ról na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge a riar, lena gcuirtear maoiniú ar fáil trí dheontas caipitíochta a íoctar le teaghlaigh inchailithe Ghaeltachta a chuireann cóiríocht chuí ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus iad ag freastal ar chúrsaí aitheanta Gaeilge. Cuireann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna comhairle ar fáil, chomh maith le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le teagasc agus foghlaim, le cáilíochtaí múinteoirí agus le caighdeán ginearálta na gcúrsaí.

Le breis agus 50 coláiste ag feidhmiú san earnáil fud fad na Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, agus iad ag freastal ar os cionn 26,000 duine óg go bliantúil (idir scoláirí iarbhunscoile agus mhic léinn tríú leibhéal) a fhanann ar iostas, den chuid is mó le breis agus 700 teaghlach Gaeltachta, aithnítear luach geilleagrach agus cultúrtha na hearnála. Mar aitheantas ar thábhacht na hearnála déanann an dá Roinn infheistíocht shubstaintiúil – idir am, fhuinneamh agus airgead – chun tacú oiread is féidir le forbairt na hearnála. I dtéarmaí infheistíochta, is ionann infheistíocht airgeadais na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus os cionn €4m go bliantúil.

Chun tacú tuilleadh leis an earnáil is fiú a lua go bhfuil roinnt bearta faoi leith curtha i bhfeidhm ag an Roinn le gairid - lena n-áirítear **ERASMUS** Gaeltachta agus **DEIS** Gaeltachta - i gcomhar le páirtithe leasmhara, ar mhaithe le cabhrú tuilleadh leis an earnáil. Tá tuilleadh sonraí faoi na bearta seo ar fáil ar shuíomh na Roinne.

Ní call a rá chomh maith go n-aithnítear a thábhachtaí is atá sé go nglactar le gach céim a bhféadfaí a ghlacadh go réasúnta, chun dea-cháil agus feidhm éifeachtach na hearnála a chaomhnú agus a chothú agus go ndéantar é sin ar an gcaoi a chuireann sábháilteacht lucht freastail na gcoláistí chun tosaigh i gcónaí.

Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003

Aithníonn an Roinn gurb í an fheidhm atá aici i gcás gnóthaí dóiteáin géilliúlacht do na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 a chothú. I dtaca leis seo, aithníonn an Roinn go bhfuil dhá ghné i gceist leis an bhfeidhm sin:

- áiseanna teagaisc agus siamsaíochta na gcoláistí Gaeilge (áiseanna pobail agus foirgnimh)
- tithe lóistín faoi úinéireacht phríobháideach ina gcuirtear lóistín ar fáil do dhaltaí atá ag freastal ar chúrsaí aitheanta, chomh maith le coláistí cónaithe[1] atá aitheanta chun críche Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. I dtaca leis sin, leagtar amach an cleachtas reatha maidir le maolú baol dóiteáin i dtithe Gaeltachta sa doiciméad: ***SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN I DTITHE GAELTACHTA A CHUIREANN LÓISTÍN AR FÁIL D'FHOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE.***

Ar mhaithe le treisiú a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla atá idir lámha cheana féin sa chóras trí chéile chun baol dóiteáin a mhaolú tuilleadh ar leas an lucht freastail agus na hearnála trí chéile, tá sé i gceist ag an Roinn roinnt céimeanna breise a ghlacadh i gcomhpháirtíocht le lucht stiúrtha na gcoláistí Gaeilge agus páirtithe leasmhara eile.

Chuige sin tá ceardlanna eolais á n-eagrú ag an Roinn an mhí seo (Meán Fómhair 2019), chun an cur chuige atá beartaithe a chur i láthair lucht stiúrtha na gcoláistí agus chun é a phlé. Ina theannta seo, fáilteofar roimh tuairimí ina leith i scríbhinn a bhféádfaí a sheoladh chuig an Roinn roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair ionas gur féidir cur chuige críochnúil a aontú in am do shamhradh 2020. Ag brath ar thorthaí an aiseolais, beifear ag súil leis na céimeanna tosaigh a chur sa tsiúil in am do shamhradh 2020.

Leagtar amach thíos, i bhfoirm ceisteanna coitianta, cad atá beartaithe a dhéanamh.

1. Cad go díreach atá beartaithe a dhéanamh anois?

Ar mhaithe le baol dóiteáin a mhaolú tuilleadh i bhfoirgnimh a mbaintear úsáid astu chun críche coláistí Gaeilge, ar leas lucht freastail na gcoláistí Gaeilge agus ar leas na hearnála trí chéile, tá sé beartaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta cur chuige leasaithe a chur i bhfeidhm faoina lorgófar **Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin** feasta ó lucht stiúrtha gach coláiste Gaeilge – lena n-áirítear coláistí cónaithe atá ag fáil aitheantais faoi láthair faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.

I bhfocail eile, beidh gá d'údaráis gach coláiste dearbhú a chur ar fáil don Roinn feasta, go bhfuil rudaí in ord agus in eagar i dtaca le gach ionad a bhíonn in úsáid acu do ranganna agus d'imeachtaí siamsaíochta agus sóisialta. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh an cur chuige nua seo i bhfeidhm do shamhradh 2020.

[1] Mar a bhaineann sé leis an gcáipéis seo cuimsítear coláistí cónaithe nuair a luaitear coláiste/coláiste Gaeilge – mura ndeirtear a mhalairt

2. Cén fáth anois seachas roimhe seo?

Ní féidir a bheith ró-chúramach riamh maidir le sábháilteacht agus ní mór do gach teaghlach a choinníonn foghlaimeoirí, mar aon le gach coláiste an méid is mó is féidir a dhéanamh chun sábháilteacht na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn.

I gcomhthéacs an cúram atá ar an Roinn chun géilliúlacht faoin na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003 a chothú, is mian leis an Roinn – i gcomhar le lucht stiúrtha na gcoláistí Gaeilge - roinnt céimeanna breise a ghlacadh ag an tráth seo chun baol dóiteáin a mhaolú tuilleadh oiread is féidir, rud a bheidh ar leas lucht freastail na gcoláistí.

Níor mhiste a lua go bhfuil an cur chuige nua seo atá á bheartú mar thoradh ar chomhráití faoin ábhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Faoi réir Alt 18 den Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 (arna leasú ag an Acht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh, 2003) ("an tAcht"), tá dualgas ar gach duine a rialaíonn foirgneamh lena bhfuil feidhm ag na riachtanais a leagtar amach in Alt 18(2) den Acht a chomhlíonadh. Tá fáil ar chóip den alt ag Aguisín 1 thíos.

Faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, ní mór *Teastas Dóiteáin*[2] a fháil i gcás:

- oibreacha i dtaca le dearadh agus tógáil foirgneamh nua; *[works in connection with the design and construction of a new building[3]]*;
- oibreacha i dtaca le hathrú ábhartha ar fhoirgnimh áirithe (m.s. áiteanna cruinnithe) *[works in connection with the material alteration of (i) a day centre, (ii) a building containing a flat, (iii) a hotel, hostel or guest building, or (iv) an institutional building, or (v) a place of assembly, or (vi) a shopping centre, but excluding works to such buildings, consisting solely of minor works]*;
- oibreacha i dtaca le síneadh de os cionn 25 méadar cearnach ar fhoirgneamh *[works in connection with the extension of a building by more than 25 square metres]*
- foirgneamh a bhaineann athrú ábhartha ar úsáid leis [a building as regards which a material change of use takes place];

agus lena mbaineann Páirt B de na Rialacháin Fhoirgníochta *[to which the requirements of Part B of the Second Schedule to the Building Regulations apply]*, agus má rinneadh an obair, nó má tharla an t-athrú úsáide, i ndiaidh na bliana 1992.

[2] Is Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin an leagan oifigiúil atá sonraithe sa reachtaíocht, ach, ar mhaithe le meascán a sheachaint, tá "Teastas Dóiteáin" á úsáid sa cháipéis seo.
[3] Tá an fhoclaíocht Bhéarla san fhreagra tógtha ón reachtaíocht agus á tabhairt mar áis.

3. Cad í an difríocht idir an Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin atá beartaithe agus Teastas Dóiteáin?

Go bunúsach is cáipéis dhlíthiúil atá sa *Teastas Dóiteáin* a eisítear faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Sa **Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin**, cuirfear dearbhú ar fáil go bhfuil rudaí in ord agus in eagar i dtaca le gach ionad a bhíonn in úsáid ag an gcoláiste Gaeilge do ranganna agus imeachtaí siamsaíochta agus sóisialta. I measc na nithe sin airítear: go bhfuil Teastas Dóiteáin faighte ina leith, gur tógadh an foirgneamh/na foirgnimh i gcomhréir leis an Teastas Dóiteáin nó go gcuirfear liosta ar fáil de na míreanna/gnéithe nach gcomhlíonann an Teastas Dóiteáin. Ina theannta sin beidh deimhniú i dtuairim an Ghairmí gur cosúil go bhfuil a chuid dualgas á gcomhlíonadh ar bhealach iomchuí ag an té atá i bhfeighil an fhoirgnimh, nuair atá sé in úsáid mar choláiste Gaeilge, mar a shainítear in Alt 18(2) den *Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981* (arna leasú) i ndáil le gach foirgneamh a mbaintear úsáid as mar choláiste Gaeilge.

4. Cén gaol a bheidh aige seo leis na coinníollacha reatha ábhartha atá i bhfeidhm mar a leagtar amach iad sna Rialacháin faoina dTugtar Aitheantas do Choláistí Gaeilge maidir le spás?

Níl i gceist aon athrú a dhéanamh ar na coinníollacha ábhartha sin. Mar sin beidh na coinníollacha céanna sin i bhfeidhm mar atá sonraithe i mír 8 (b) de na *Rialacháin faoina dtugtar aitheantas do Choláistí Gaeilge* - féach Aguisín 2 leis seo.

5. Má bhí na hionaid atá i gceist sách maith chun críche aitheantais roimhe seo, cén fáth a bhfuil gá leis an Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin atá beartaithe, gan trácht ar obair fhéideartha bhreise agus ar an anró?

Tá sábháilteacht lucht freastail na gcoláistí, mar aon leis an gceanglas reachtúil atá ann i ndáil le sábháilteacht dóiteáin mar thosaíocht i gcur chun feidhme an cur chuige seo. Tá dualgais ar gach páirtí leasmhar, go háirithe iad siúd atá i bhfeighil coláistí a chuid dualgas a chomhlíonadh i gcomhthéacs na reachtaíochta ábhartha.

Tar éis an t-ábhar seo a bheith cíortha go cúramach, braitear gur chóir agus gur gá na céimeanna breise atá rianaithe thíos a chur i bhfeidhm ar leas gach páirtí leasmhar agus dea-cháil na hearnála, mar atá ráite roimhe.

6. Cad a chiallaíonn sé seo go díreach do lucht stiúrtha na gcoláistí?

Le feidhm ó shamhradh 2020 ar aghaidh, beidh ar gach coláiste **Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin** a chur ar fáil don Roinn mar chuid den iarratas ar aitheantas nach foláir a dhéanamh go bliantúil chun críche aitheantais.

Seolfaidh an Roinn sonraí maidir le gach áitreabh (m.sh. sonraí na n-ionad agus na dtithe lóistín) a bheidh in úsáid mar choláiste Gaeilge ina gceantair feidhme faoi seach, chuig na húdaráis dóiteáin ábhartha mar eolas le go mbeidh sé curtha ar a gcumas pé monatóireacht is gá a dhéanamh, de réir mar a oireann.

7. Cad a bheidh á lorg sa Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin?

Sa **Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin**, a bheidh le cur ar fáil ag gach coláiste Gaeilge feasta, beidh na rudaí seo a leanas á lorg:

- Cur síos soiléir ar an bhfoirgneamh atá i gceist, ar an láthair, ar an eirchód agus ar an líon uasta daoine a mheastar a bheidh san fhoirgneamh agus i ngach seomra ag am ar bith, ag cuimsiú gach foirgneamh a bheidh in úsáid ag gach coláiste faoi leith.

- An líon uasta daoine atá ceadaithe i leith gach seomra, chomh maith le léarscáil ar an leagan amach ar mhaithe le soiléireacht. Má bhíonn aon seomra in úsáid mar sheomra ranga agus mar sheomra tionóla agus fóillíochta (assembly and recreation) ag amanna éagsúla, ní mór an líon uasta daoine atá ceadaithe do gach úsáid faoi leith a lua.

- I gcás foirgneamh a bhfuil *Teastas Dóiteáin* faighte ina leith, cuirfear deimhniú ar fáil sa Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin gur tógadh an foirgneamh/na foirgnimh i gcomhréir leis an *Teastas Dóiteáin*, nó cuirfear liosta ar fáil de na míreanna/gnéithe nach gcomhlíonann an *Teastas Dóiteáin.*

- Sa chás nach bhfuil *Teastas Dóiteáin* ag an bhfoirgneamh atá i gceist, ach ar cheart go mbeadh teastas faighte ina leith de réir thuairim an Ghairmí, tabharfar é sin le fios ar an Dearbhú.

- Deimhniú i dtuairim an Ghairmí gur cosúil go bhfuil a chuid dualgas á gcomhlíonadh ar bhealach iomchuí ag an té atá i bhfeighil an fhoirgnimh, nuair atá sé in úsáid mar choláiste Gaeilge, mar a shainítear in Alt 18(2) den *Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981* (arna leasú) i ndáil le gach foirgneamh a mbaintear úsáid as mar Choláiste Gaeilge. Ní mór go mbeadh an úsáid atá beartaithe don fhoirgneamh chomh maith leis an líon daoine atá beartaithe le bheith á úsáid tógtha san áireamh sa Dearbhú sin.

- Sa chás go molann an Gairmí go gcuirfí srian le líon na ndaoine i bhfoirgneamh ar bith, nó in aon chuid de, déanfar é seo a lua go soiléir sa Dearbhú.

Mar áis sa chúram seo uile, tá i gceist ag an Roinn múnla dearbhaithe a dháileadh ar lucht stiúrtha na gcoláistí.

8. Cá bhfuil fáil ar shonraí dóibh siúd a bheadh cáilithe chun Dearbhú a chur ar fáil don choláiste/Roinn?

Tuigtear go bhfuil fáil réasúnta éasca ar dhaoine leis na cáilíochtaí i gceist. Is gnó don choláiste é a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí atá sonraithe thíos ag an nGairmí.

9. Cad iad na cáilíochtaí nach foláir a bheith ag an nGairmí?

Ní mór go mbeadh ceann de na cáilíochtaí 1, 2 nó 3 thíosluaite ag an nGairmí móide cáilíochtaí 4 agus 5:

1. **Innealtóir Cairte** ar an gclár arna chothabháil ag Innealtóirí Éireann faoi alt 7 den *Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann* (Cairt a Leasú), 1969 **nó**

2. **Ailtire** ar an gclár arna chothabháil ag RIAI faoi Chuid 3 den *Acht um Rialú Foirgníochta 2007* **nó**

3. **Suirbhéir Foirgníochta** ar an gclár arna chothabháil ag Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann faoi Chuid 5 den *Acht um Rialú Foirgníochta 2007*.

4. Ina theannta sin, ní mór go mbeadh cáilíocht iarchéime in Innealtóireacht Sábháilteachta Dóiteáin ag an nGairmí **agus**

5. Ba chóir go mbeadh an té i mbun oibre i gcleachtas príobháideach, le taithí chuí maidir le sábháilteacht dóiteáin agus árachas sláintíochta gairmiúil aige/aici ag an am a ndéantar an Dearbhú.

Is cúram don choláiste a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí thuasluaite ag an nGairmí.

10. Cén bhaint a bheidh ag lucht stiúrtha na n-ionad pobail leis an ábhar?

Ós rud é go bhfuil sé sannta sa reachtaíocht go bhfuil an dualgas ar gach duine a rialaíonn foirgneamh lena bhfuil feidhm ag Alt 18 den Acht, is ar údaráis na gcoláistí féin a thiteann an fhreagracht sa chás seo.

11. Cad faoi má bhíonn deacracht ag Coláiste na bunriachtanais atá á lorg sa Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin seo a chomhlíonadh?

I bhfianaise an tábhacht a bhaineann leis an ábhar seo agus ag aithint gur gá an oiread is mó ama agus is féidir a thabhairt do lucht stiúrtha na gcoláistí chun iad féin a fháil faoi réir do chur i bhfeidhm na n-athruithe, tá an cur chuige leasaithe seo á chur ar shúile na gcoláistí anois.

Moltar do gach coláiste tús áite a thabhairt do na riachtanais a bhaineann leis seo.

12. An mbeidh cúnamh ar fáil chun na costais a bhainfidh leis an Dearbhú Sábháilteachta a sholáthar a sheasamh?

Áithníonn an Roinn ar ndóigh go mbeidh costas gairmiúil i gceist. Beidh an Roinn sásta dá réir deontas nach mó ná €1,000 in aghaidh an choláiste nó 80%,cibé acu is lú, a sheasamh i gcás coláistí atá ag úsáid áiseanna pobail nó atá ag feidhmiú iontaobhas san ghnáth bhealach. Is uasmhéid 50% a bheidh ann i gcás coláistí atá faoi úinéireacht phríobháideach. Is ionann na rátaí seo agus na rátaí deontas a bheidh ar fáil faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga mar a bhaineann sé le hoibreacha caipitil agus atá pléite níos faide anonn.

13. Cén saolré a bheidh ag an Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin?

Sa chás nach ndéanfar athrú ábhartha nó "*material alteration*" ar aon fhoirgneamh a bheidh mar ábhar an Dearbhaithe tar éis é a bheith curtha faoi bhráid na Roinne den chéad uair, ní bheidh aon ghá le Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin nua a chur ar fáil agus ní bheidh aon teora ama leis an Dearbhú sin.

I gcás go ndéantar athrú ábhartha, beidh gá le Dearbhú úr a chur ar fáil don Roinn agus is faoin gcoláiste a bheidh sé é sin a dhéanamh.

14. Cén fhad a thabharfar do choláistí chun oibreacha athchóirithe a dhéanamh i gcás go bhfuil gá lena leithéid?

Is gá go mbeadh na hoibreacha athchóirithe seo curtha i gcrích agus Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin curtha ar fáil don Roinn ina leith in am do shamhradh 2020.

15. Cén leibhéal cúnaimh a bheidh ar fáil ón Roinn i gcás go bhfuil gá le hoibreacha athchóirithe?

Aithníonn an Roinn go bhféadfadh oibreacha caipitil a bheith ag teastáil i gcásanna áirithe. Chun cabhrú leis seo, tá sé i gceist cabhair a chur ar fáil faoi **Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga** de chuid na Roinne. Beidh uasmhéid 80% den chostas i gceist i gcás áiseanna pobail agus uasmhéid 50% sa chás go bhfuil an mhaoin in úinéireacht phríobháideach.

16. Cé a bheadh ceaptha iarratas a dhéanamh ar an gcúnamh sin, lucht stiúrtha an choláiste nó coiste stiúrtha/iontaobhas an ionaid pobail?

I gcás ionad nach bhfuil in úinéireacht phríobháideach, beifear ag súil leis, sa ghnáthbhealach, gurb é an coiste atá freagrach as an bhfoirgneamh trí chéile lasmuigh de ghnóthaí an choláiste eadhon: coiste stiúrtha nó iontaobhas na maoine, de réir mar a bhaineann, a dhéanfadh a leithéid d'iarratas (i gcomhar leis an gcoláiste ábhartha de réir mar is gá).

17. Cén bhaint a bheidh ag cóiríocht scoileanna/iar-bhunscoileanna agus tríú-leibhéal leis seo uile?

Beidh sé riachtanach Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin a chur ar fáil i leith na n-ionad sin sa chás go bhfuil siad in úsáid ag na coláistí Gaeilge agus an chóiríocht sin a bheith cuimsithe mar chuid den Dearbhú.

18. Cén bhaint a bheidh ag na hÚdaráis Dóiteáin leis seo uile?

Ar an gcéad dul síos beidh na húdaráis dóiteáin ar fáil chun chomhairle agus treoir a thabhairt don ghairmí atá ceaptha ag an gcoláiste i dtaca le haon oibreacha atá ag teastáil.

19. An bhféadfadh sé seo tionchar a imirt ar an uaslíon scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe do na coláistí Gaeilge faoi seach?

Meastar, i gcás líon beag coláistí, go bhféadfadh impleachtaí a bheith ann sa ghearrthéarma do líon na scoláirí a mbeidís in ann a chlárú ar a gcuid cúrsaí.

20. An mbeidh tionchar aige seo ar chúrsaí árachais agus cá bhfuil fáil ar thuilleadh eolais faoi chúnamh na Roinne?

Ní léir don Roinn go mbeidh tionchar aige seo ar chúrsaí árachais. Tá fáil ar ar gach eolas faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga ar shuíomh na Roinne.

https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/the-gaeltacht/language-support-schemes-programmes/capital-programme/.

21. Conas go mbeidh a fhios ag an bpobal go bhfuil céimeanna breise á nglacadh ag coláistí Gaeilge ar leas shábháilteacht lucht freastail na gcúrsaí?

Ach an oiread leis an gcur chuige atá i bhfeidhm anois mar a bhaineann sé leis an Ráiteas Cosaint Leanaí - nach foláir do gach coláiste a bheith acu, beidh gá do gach coláiste Gaeilge feasta, cóip den **Dearbhú Sábháilteachta Dóiteáin** a bheith curtha ar shuíomh idirlíon an choláiste (mar eolas don phobal) agus nasc chuige a shonrú san

fhoirm iarratais ar aitheantas. Seolfar leagan nua den fhoirm iarratais sin chuig gach coláiste in am tráth.

22. Cad a tharlóidh anois?

Tá na ceardlanna eolais dírithe ar an gcur chuige atá beartaithe a chur i láthair lucht stiúrtha na gcoláistí agus chun é a phlé. Iarrfar aiseolas ina leith ar féidir a chur ar fáil laistigh d'achar gearr i ndiaidh na gceardlann ionas gur feidir cur chuige críochnúil a aontú in am do shamhradh 2020.

Chuige sin agus le deis chuí a thabhairt do lucht stiúrtha na gcoláistí an t-ábhar a chíoradh agus aiseolas/soiléiriú nó moltaí/tuairimí a roinnt leis an Roinn, fáilteofar roimh aighneachtaí faoin ábhar a bhféadfaí a chur i scríbhinn chuig an seoladh thíos tráth nach déanaí: 1 Samhain 2019.

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:

Bridie Ní Churraoin
✉ colaistigaeilge@chg.gov.ie
Rannóg na gColáistí Gaeilge
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
Tel: 091 503700

www.chg.gov.ie

AGUISÍN 1 – ALT 18 DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN 1981

18. *—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le háitreabh nó le haon chuid d'áitreabh as a mbaintear na húsáidí seo a leanas—*

(a) úsáid mar chóir chodlata nó chun aon chríche a bhaineann le cóir chodlata a chur ar fáil ach gan áitreabh a áireamh arb éard atá ann teach cónaithe atá á áitiú mar theaghais aonair;

(b) úsáid mar fhoras, nó mar chuid d'fhoras, a chuireann cóireáil nó cúram ar fáil;

(c) úsáid chun críocha siamsaíochta, caithimh aimsire nó teagaisc nó chun críche aon chlub, aon chumainn nó aon chomhlachais;

(d) úsáid chun críocha múinteoireachta, oiliúna nó taighde;

(e) úsáid chun aon chríche a bhaineann le rochtain chun an áitribh a bheith ag an bpobal, trí íocaíocht nó ar shlí eile; agus

(f) úsáid chun aon chríche forordaithe eile, ach gan iad seo a leanas a áireamh—

(i) áitreabh a úsáidtear mar mhonarcha de réir bhrí na nAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal, 1955 agus 1980;

(ii) áitreabh a úsáidtear mar stóras agus faoi réir cheadúnúcháin faoi rialacháin arna ndéanamh faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 ;

(iii) armlann, stóras nó áitreabh cláraithe de réir bhrí an Explosives Act, 1875; agus

(iv) lamairne ola de réir bhrí rialachán faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 .

(2) Beidh de dhualgas ar gach duine i gceannas áitribh lena mbaineann an t-alt seo gach beart réasúnach a dhéanamh le bheith san airdeall ar dhóiteán tarlú san áitreabh sin, agus sábháilteacht daoine san áitreabh, i gcás dóiteán tarlú, a áirithiú a mhéid is féidir sin le réasún.

(3) Beidh de dhualgas ar gach duine, agus é in áitreabh lena mbaineann an t-alt seo, é féin a iompar ar shlí a áiritheoidh, a mhéid is féidir sin le réasún, nach gcuirfear aon duine san áitreabh i mbaol ó dhóiteán mar gheall ar aon ghníomh nó aon neamhghníomh dá chuid.

(4) Féadfaidh údarás dóiteáin comhairle a thabhairt maidir le sábháilteacht ó dhóiteán d'úinéir nó d'áititheoir aon áitribh nó d'aon duine i gceannas aon áitribh.

(B) Ní cheadófar ach aon rang amháin a bheith i seomra amháin.

- Ba chóir go mbeadh na seomraí ranga ar fad compordach le dóthain spáis, teasa agus solais nádúrtha.
- Ba chóir deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas teasa feistithe agus ag feidhmiú sa chás go mbíonn an aimsir fuar nó fliuch.
- Ba chóir go mbeadh gach seomra saor ó thorann agus macalla a d'fheadfadh cur isteach ar na ranganna.
- Ba chóir go mbeadh dóthain seomraí ranga ar fáil gan dul i muinín ranganna a chur ar siúl i hallaí móra.
- Moltar, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dul thar an uaslíon de chúigear is fiche scoláire/mac léinn i rang ar bith. Is é tríocha an líon scoláirí/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang.
- Is é 25 an líon scoláire/mac léinn is mó a cheadófar in aon rang ar chúrsa Aicme A.
- Beidh 0.85 méadar cearnach spáis, ar a laghad, ar fáil do gach scoláire sa seomra ranga.
- Nuair a bheidh seomra ranga á thomhais ní thomhaisfear ach an chuid sin ar féidir í a úsáid mar sheomra ranga. Más cruth "L" atá ar sheomra, mar shampla, tá an baol ann nach mbeidh scoláirí ábalta an múinteoir agus clár a fheiceáil ó phíosa den seomra sin. I gcásanna mar sin, fágfar an píosa sin den seomra as an tomhas.
- Ní áireofar aon chuid de sheomra nach bhfuil os cionn 1.5m ar airde sa tomhas (eg. má tá síleáil claonta sa seomra).
- Ní áireofar aon seomra atá níos lú ná 10 méadar cearnach mar sheomra ranga. Is féidir seomra atá níos lú ná 10 méadar cearnach a úsáid sa chás go mbeadh 5 scoláire nó níos lú sa seomra agus 0.85 méadar cearnach, ar a laghad, ar fáil do gach scoláire.
- Caithfear, i gcónaí, tús áite a thabhairt d'aon uasmhéid a bheadh luaite do sheomra san iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin don fhoirgneamh má tá a leithéid ann. Is ar na coláistí féin atá an fhreagracht iad féin a shásamh faoi na huimhreacha atá ceadaithe agus is féidir an t-eolas sin a fháil ó na húdaráis dóiteáin. Bíonn gach duine atá sa seomra idir scoláirí, mhúinteoirí agus ardchinnirí san áireamh sna huimhreacha atá luaite ar iarratas ar theastas dóiteáin. Ní féidir aitheantas a thabhairt d'aon choláiste a sháraíonn na rialacha sin.